www.mic.ie

# TUARASCÁIL **BHLIANTÚIL** 2016 - 2017



BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

MIC

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

MIC

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

# CLÁR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ | 3 |
| CMgS FAOI SCÁTH AN BHRÓIN DE BHARR BHÁIS AN OLLAIMH MICHAEL A HAYES | 4 |
| RIALACHAS | 6 |
| TÍRDHREACH SHEACHTRACH | 9 |
| FORBAIRT AN CHAMPAIS | 9 |
| CLÁIR | 12 |
| TIONSCADAIL & GNÍOMHAÍOCHTAÍ | 14 |
| GRADAIM AGUS ÉACHTAÍ | 21 |
| FORBAIRT AR OBAIR IDIRNÁISIÚNTA | 26 |
| COMHDHÁLACHA & SEIMINEÁIR | 30 |
| RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS CULTÚR AN PHOBAIL | 35 |
| SPÓRT | 39 |
| SEARMANAIS BHRONNTA | 42 |
| UIMHREACHA CÉIME 2016 | 45 |
| LÍON NA MAC LÉINN DON MBLIAIN ACADÚIL 2016-17 | 47 |
| ÚSÁID FUINNIMH | 48 |
| CUNTAIS | 49 |

# Réamhrá

Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil 2016-2017 do Choláiste Mhuire gan Smál (MIC).

Le linn na bliana acadúla seo, chuir bás anabaí Uachtarán an Choláiste, an tOllamh Michael A Hayes, ar an 15 Aibreán 2017 brón mór ar phobal an Choláiste. Le linn saolré na tuarascála seo, bhí an tOllamh Eugene Wall i gceannas ar CMgS tar éis d'Iontaobhaithe an Choláiste é a cheapadh mar Uachtarán Gníomhach i mí Eanáir 2017. Tar éis ionchorprú oifigiúil Choláiste Phádraig i rith an tsamhraidh bhí áthas ar CMgS fáilte a chur roimh an gcéad chohórt mac léinn chuig Campas Phádraig CMgS, Durlas, agus iad ag tabhairt faoi cheann de na ceithre chlár céime atá ar fáil ansin – is féidir naoi gclár fochéime a dhéanamh anois i gCMgS. Bhí áthas ar CMgS freisin fáilte a chur roimh chomhghleacaithe ó Champas Phádraig agus iad ag tabhairt faoi chaibidil nua mar chuid de phobal CMgS.

Thug seoladh an chláir LINC do Chomhordaitheoirí Cuimsithe i Suíomhanna Luathbhlianta i Meán Fómhair 2016 agus a chéad chohórt de níos mó ná 900 mac léinn, líon na mac léinn ag CMgS suas go dtí os cionn 4,500. I 2016, deineadh athbhreithniú cáilíochta mór ar an gColáiste agus thug painéal athbhreithnithe seachtrach cuairt ar an gcampas ag deireadh mí na Samhna. Le linn a gcuairt a mhair ar feadh seachtaine, labhair an painéal le breis agus 100 duine, baill foirne, mic léinn, agus baill na nIontaobhaithe agus an Údaráis Rialaithe, chomh maith le páirtithe leasmhara seachtracha, fostóirí, comhlachtaí gairmiúla agus príomhoidí scoile ina measc. Ba thoradh é seo ar obair bliana ar cuireadh tús leis le forbairt Thuarascáil Féinmheastóireachta Institiúide agus a chríochnaigh go luath in 2017 nuair a chuir an painéal athbhreithnithe seachtrach a thuarascáil deiridh faoi bhráid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, Ollscoil Luimnigh agus CMgS. Táimid go mór faoi chomaoin ag gach duine a chabhraigh leis an bpróiseas fada seo go háirithe le foireann na hOifige Cáilíochta.

Sonraítear sa tuarascáil seo cuid de na fóraim, siompóisiamaí agus comhdhálacha ardphróifíle a reachtáileadh le linn na tréimhse seo, chuir gach ceann acu le fís CMgS mar institiúid a thairiscíonn deiseanna foghlama ardleibhéil agus taighde ar ardchaighdeán. Chuir na himeachtaí seo lenár gcuspóir go n-aithneofar sinn don méid a chuireann an Coláiste le contanam an soláthair acadúil i gcomhoibriú éifeachtach agus táirgiúil lenár gcomhpháirtithe san Earnáil Ardoideachais.

Is féidir tuilleadh eolais ar an méid thuas a fháil sa tuarascáil seo. Tá súil againn go mbainfidh tú tairbhe agus taitneamh as ábhar na tuarascála.

Oifig an Uachtaráin

Coláiste Mhuire gan Smál




MIC
CAUTION
Site office



## CMgS FAOI SCÁTH AN BHRÓIN DE BHARR BHÁIS AN OLLAIMH MICHAEL A HAYES

Chuaigh An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán Choláiste Mhuire Gan Smál, ar shlí na fírinne ar an 15 Aibreán 2017, tar éis tinnis.

Rugadh Michael Hayes i Luimneach in Éirinn i 1957. Fuair sé a chuid oideachais iar-bhunscoile i gColáiste Naomh Mainchín i Luimneach agus lean sé ar aghaidh chun staidéar a dhéanamh i gColáiste Pontaifiúil Naomh Pádraig i Maigh Nuad, sular bhog sé go dtí an Ríocht Aontaithe, áit inar chuir sé faoi ó 1980 go 2011. Bhí sé ina shagart ar Ard-Deoise Southwark in Oirdheisceart Shasana.

Thosaigh sé ina phost mar Uachtarán ar Choláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach i nDeireadh Fómhair 2011. Chuir CHoICE a ainm ar aghaidh chuig Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann i mí Aibreáin 2012 agus d'ainmnigh ceannairí na gColáistí é chun a bheith ar Fhóram Comhairliúcháin Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann i mí na Bealtaine 2014. Ba dhuine acadúil é a raibh meas idirnáisiúnta air i réimse na Diagachta Tréadaí; bhí spéis ar leith aige sa chaidreamh idir creideamh agus praitic. Ina theannta sin, Síciteiripeoir cáilithe ab ea é agus rinne sé staidéar in Institiúid Shícishintéise Londain. Bhí BD aige ó Ollscoil Phontaifiúil Mhá Nuad, MA ó Ollscoil Londain, agus PhD ó Ollscoil Surrey. I mBealtaine 2013, bronnadh Dochtúireacht Oinigh i Litreacha Daonnachtúla (L.H.D) air ó Ollscoil De Sales, Pennsylvania. Bhí sé ina eagarthóir ar The Pastoral Review, iris idirnáisiúnta a fhoilsíonn The Tablet i Londain.

Sular ceapadh é i gColáiste Mhuire gan Smál, d'oibrigh sé i ministreacht thréadach in Ard-Deoise Southwark, agus níos déanaí ná sin mhúin sé i Roinn na Diagachta agus an Léinn Reiligiúnaigh in Ollscoil Roehampton. Bhí sé mar Leas-Phríomhoide agus mar Ollamh le Staidéir Thréadacha Caitliceacha i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Strawberry Hill in Twickenham, Londain, áit a raibh sé ina Cheann ar Roinn na Diagachta agus an Léinn Reiligiúnaigh chomh maith le Ceannasaí na Scoile Diagachta , Fealsúnachta, agus Staire. B'Ollamh ar Cuairt é i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Londain. Bhí an tOllamh Hayes tiomanta chun oideachas tosaigh múinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach den chéad scoth a sholáthar. Bhí sé ina Chomhalta den Chumann Ríoga chun na hEalaíona, Déantúisí agus Tráchtáil a spreagadh (FRSA).

Le linn tréimhse a uachtaránachta ar Choláiste Mhuire gan Smál, chuir an tOllamh Hayes go mór le forbairt an Choláiste, ionchorprú Choláiste Phádraig ina measc, oscailt Amharclann Chrann Teile, fás i líon na mac léinn go dtí beagnach 5,000 mac léinn; Campas Mount St Vincent a aimsiú agus a fhorbairt, is Campas John Henry Newman anois é, mar aon le forbairt an Mháistirphlean Leabharlainne.

Tugadh ardmholadh don Ollamh Ó hAodha ó dhaoine agus ó institiúidí timpeall na cruinne.

Ar dheis Dé go raibh a anam dílis.

# RIALACHAS



**IONTAOBHAITHE**

Seo a leanas na hIontaobhaithe don tréimhse seo:

- An Sár-Oirmhinneach Brendan Leahy (Cathaoirleach)
- An tAth. Ró-Oirmhinneach Tony Mullins
- Richard Leonard, Uas.,
- An Dr Marie Griffin
- An tSr Cáit O'Dwyer
- Maedhbh Uí Chiagáin, Uas.,
- An Sár-Oirmhinneach Kieran O' Reilly
- An Sár-Oirmhinneach Raymond Browne
- Seán Burke. Uas.,
- An Dr Áine Lawlor

**Tháinig na hIontaobhaithe le chéile ar na dátaí seo a leanas:**

- 3 Mí na Samhna 2016
- 3 Eanáir 2017
- 27 Aibreán 2017
- 29 Meitheamh 2017

**AN tÚDARÁS RIALAITHE**

**Seo a leanas ballraíocht an Údaráis Rialaithe don tréimhse seo:**

- An Sár-Oirmhinneach Brendan Leahy (Cathaoirleach)
- An tOllamh Michael Hayes, Uachtarán, a d'imigh ar shlí na fírinne Aibreán 2017
- An tOllamh Eugene Wall, Leas Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla/Uachtarán Feidhmeach
- John Coady, Uas., Leas-Uachtarán Riaracháin agus Airgeadais – ar scor Mí na Nollag 2016
- Michael Keane, Uas., Leas-Uachtarán Riaracháin agus Airgeadais, ceapaithe Eanáir 2017
- Catherine Kelly, Uas., Ainmní ó Shiúracha na Trócaire
- Fachtna O'Driscoll, Uas., Ainmní na hIontaobhaithe
- An Dr Áine Lawlor (Leas-Chathaoirleach), Roghnaithe óna hIontaobhaithe
- Seán McMahon Uas., Ionadaí Alumni
- Margaret O'Brien Uas., Ainmní ó Shiúracha na Trócaire
- Mairead Horan Uas., Ainmní óna Seirbhísí Gairmiúla
- Declan Madden Uas., Ainmní na hIontaobhaithe
- An tSr Michele O'Kelly Ainmní ó Siúracha na Trócaire
- An Dr Nicholas O'Brien Ainmní na hIontaobhaithe
- James Deegan Uas., Ionadaí Aontas na Mac Léinn
- Lee Dillon Uas., Ionadaí Aontas na Mac Léinn
- An Breitheamh Tom O'Donnell, Uas., Gobharnóir Sinsearach Neamhspleách, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- Caitríona Breathnach Uas., Ainmní óna Seirbhísí Gairmiúla
- Eamon Stack Uas., Ainmní na hIontaobhaithe
- Conn Murray Uas., Ainmní na hIontaobhaithe
- An tAth. Ró-Oirmhinneach Tony Mullins Roghnaithe óna hIontaobhaithe

**Bhuail An tÚdarás Rialaithe le chéile ar na dátaí seo a leanas:**

- 12 Deireadh Fómhair 2016
- 12 Nollaig 2016
- 15 Márta 2017
- 15 Meitheamh 2017

**FOIREANN FHEIDHMIÚCHÁIN**

Feidhmíonn an Fhoireann Fheidhmiúcháin mar ghrúpa comhairleach don Uachtarán maidir le bainistíocht laethúil an Choláiste. Cuimsíonn an Fhoireann Fheidhmiúcháin baill de ghrúpa bainistíochta sinsearach an Choláiste, atá ceaptha go díreach ag an Uachtarán.

**Ballraíocht**

- An tOllamh Michael Hayes, Uachtarán, a d'imigh ar shlí na fírinne Aibreán 2017
- An tOllamh Eugene Wall, Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla/Uachtarán Feidhmeach ó Eanáir 2017
- John Coady, Uas., Leas-Uachtarán Riaracháin agus Airgeadais – ar scor Mí na Nollag 2016
- Michael Keane, Uas., Leas-Uachtarán Riaracháin agus Airgeadais, ceapaithe Eanáir 2017
- An tOllamh Gary O'Brien, Comh Leas-Uachtarán Riaracháin
- An tOllamh Michael Healy, Comh Leas-Uachtarán Taighde
- An tOllamh Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais
- An tOllamh Michael Breen, Déan na nDán



**Tháinig an Fhoireann Fheidhmiúcháin le chéile ar na dátaí seo a leanas sa tréimhse seo:**

- 8 Meán Fómhair 2016
- 29 Meán Fómhair 2016
- 19 Deireadh Fómhair 2016
- 10 Mí na Samhna 2016
- 24 Mí na Samhna 2016
- 7 Mí na Nollag 2016
- 12 Eanáir 2017
- 2 Feabhra 2017
- 16 Feabhra 2017
- 28 Feabhra 2017
- 2 Márta 2017
- 9 Márta 2017
- 6 Aibreán 2017
- 12 Aibreán 2017
- 18 Bealtaine 2017
- 8 Meitheamh 2017
- 27 Meitheamh 2017
- 26 Iúil 2017

## AN CHOMHAIRLE ACADÚIL

**Ballraíocht**

- An tOllamh Michael Hayes, Uachtarán, a d'imigh ar shlí na fírinne Aibreán 2017
- An tOllamh Eugene Wall, Leas Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla/Uachtarán Feidhmeach
- An tOllamh Gary O'Brien, Comh Leas-Uachtarán Riaracháin
- An tOllamh Michael Healy, Comh Leas-Uachtarán Taighde
- An tOllamh Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais
- An tOllamh Michael Breen, Déan na nDán
- An Dr Angela Canny, Déan Cúnta an Oideachais
- An Dr Patricia Daly – Ceann Roinn an Oideachais Speisialta
- An Dr Liam Chambers – Ceann Roinn na Staire
- An Dr Emer Ring, Ceann Roinn na hOideolaíochta Mach-namhaí & na Staidéar Luath-Óige
- Eucharia McCarthy, Uas., Stiúrthóir ar an Aonad Forbartha Curaclaim
- An Dr Carol O'Sullivan, – Ceann Roinn na Foghlama, na Sochaí & an Oideachais Reiligiúnaigh
- James Deegan, Uas., Uachtarán Aontas na Mac Léinn
- Lee Dillon, Uas., Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn
- Des Carswell, Uas., – Léachtóir, Oideolaíocht Mhachnamhach agus Staidéar Luath-Óige
- An tOllamh Jim Deegan, Ceann na Scoile Iarchéime
- An Dr Löic Guyon – Ceann Roinn na Fraincise
- Máire Ní Neachtain, Uas., – Ceann Roinn na Gaeilge
- An Dr Kerry Greer, Ceann Gníomhach Roinn na Síceo-laíochta
- An Dr Christiane Schönfeld – Ceann Staidéar na Gear-máinise
- An Dr Patrick Connolly, Cláraitheoir Cúnta
- Gerardine Moloney, Uas., - Leabharlannaí
- An Dr John O'Shea – Comhordaitheoir Cúrsa, Clár Bhait-siléir an Oideachais
- Diarmuid O'Driscoll, Uas., – Ceann Roinn na Matamaitice agus Staidéar Ríomhaireachta
- Marie Ryan, Uasal – Comhordaitheoir Cúrsa, B Oid san Oideachas agus Síceolaíocht
- An Dr Niall Keane – Ceann Roinn na Fealsúnachta
- An Dr Rosemary Day – Ceann Roinn Staidéar na Meán & Cumarsáide
- Seán De Brun, Uas., Ceann Roinne, Teanga, Litearthacht agus Matamaitic
- An Dr Cathal de Paor – Stiúrthóir ar Fhorbairt Leanúnach & Ghairmiúil
- An tOllamh Eamonn Conway – Ceann na Staidéar Diagachta & Reiligúnach
- An tOllamh Des McCafferty – Ceann Roinn na Tíreo-laíochta
- An Dr Gwen Moore, Stiúrthóir Teagaisc agus Foghlama
- Margaret O'Keeffe, Ceann Gníomhach Roinn Oideachais Ealaíon & an Chorpoideachais
- Cillian McHugh, Uas., Ionadaí Iarchéime Aontas na Mac Léinn

**Bhuail an Chomhairle Acadúil le chéile ar na dátaí seo a leanas:**

- 21 Meán Fómhair 2016
- 16 Mí na Samhna 2016
- 25 Eanáir 2017
- 8 Márta 2017
- 6 Aibreán 2017
- 9 Bealtaine 2017
- 9 Meitheamh 2017

# TÍRDHREACH SHEACHTRACH

Bhuail Bainistíocht an Choláiste leis an ÚAO Meán Fómhair 2016 do chruinniú déthaobhach chun machnamh a dhéanamh ar an bhféinmheasúnú agus ar fheidhmíocht na Timthriall um Chomhphlé Straitéiseach 3.

## BRAISLE RÉIGIÚNACH AN MHEÁN-IARTHAIR/CUIBHREANNAS SHIONAINNE

Lean Grúpa Stiúrtha Chuibhreannas Shionainne (ar a raibh triúr Uachtarán ó CMgS, Ollscoil Luimnigh agus ITL, faoi chathaoirleacht an Uasail Tim O'Connor) ar aghaidh ag teacht le chéile chun obair a chur chun cinn ar roinnt réimsí comhoibre lárnacha agus láithreacha, an Chomhchéim B.A, forbairt na hInstitiúide Náisiúnta um Staidéir i gCúrsaí Oideachais (NISE), cruthú Scoil Chónaidhme Iarchéime agus pleanáil acadúil réigiúnach ina measc.


*Scoil Iarchéime Chónasctha Luimnigh*

Reachtáileadh an chéad chruinniú de Scoil Iarchéime Chónasctha Luimnigh i mí Dheireadh Fómhair 2016 i gCMgS. D'aontaigh an cruinniú ar Phlean Oibriúcháin le seacht bpointe, ina raibh comhoibriú idir institiúidí Chuibhreannas na Sionainne maidir le cláir oiliúna iarchéime, fóraim chumarsáide agus líonraithe, cláir dhochtúireachta tras-institiúideacha, beartais agus cleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus painéil chomhairleacha mac léinn.

## Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

In 2016, thug Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) faoi athbhreithniú institiúideach ar Choláiste Mhuire gan Smál (CMgS) thar ceann Ollscoil Luimnigh (OL). Is soláthraí nasctha de chuid na hOllscoile é CMgS. Bunaithe ar théarmaí Mheabhrán Tuisceana idir an dá institiúid, is í Ollscoile Luimnigh an foras creidiúnaithe acadúil do gach clár ardoideachais i gCMgS, ach amháin nuair a chomhaontaíonn OL agus CMgS socruithe eile eatarthu. Mar sholáthraí nasctha na hOllscoile, tá CMgS faoi réir ag athbhreithnithe agus ag dearbhú cáilíochta seachtrach ó Ollscoil Luimnigh nó, má iarrtar é, ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI). Is foireann sheachtrach de sheisear athbhreithneoirí a rinne an t-athbhreithniú, faoi oiliúint ag an QQI. Tugadh faoin gCuairt Phleanála ar CMgS ar an 27 Meán Fómhair 2016 agus reachtáileadh an Príomh-Athbhreithniú idir 28 Mí na Samhna agus 1 Mí na Nollag 2016. Bunaithe ar mheastóireacht na Foirne Athbhreithnithe ar Tuarascáil Féinmheastóireachta Institiúide CMgS (ISER), ar cháipéisíocht tacaíochta agus ar chru-innithe a reachtáileadh le linn na Príomhchuairte Athbhreithnithe, d'aimsigh an Fhoireann go leor fianaise chun moladh a thabhairt do CMgS as ucht samplaí de dhea-chleachtas i gcúig réimse éagsúla agus dhearbhaíodar go raibh an phleanáil straitéiseach institiúideach, rialachas agus an úinéireacht um dhearbhú agus feabhsú cáilíochta ag teacht le ról na hinstitiúide mar institiúid ardoideachais i Limistéar Ardoideachais na hEorpa. Rinne Comhairle Acadúil OL, Coiste um Pleanáil Straitéiseach agus Dearbhú Cáilíochta Údarás na hOllscoile agus Coiste Feidhmiúcháin Ollscoil Luimnigh breithniú ar an Tuarascáil Athbhreithnithe CMgS a thug cead an tuarascáil le foilsiú i mí an Mheithimh 2017.


# FORBAIRT AN CHAMPAIS



## LEABHARLANN

Baineadh amach sprioc shuntasach nuair a thug Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh Cead Pleanála don Leabharlann/don Lárionad um Acmhainní Foghlama nua i mí Aibreáin 2017. Tá an tionscadal réidh anois chun dul ar aghaidh chuig céim an deartha, na tairisceana agus na tógála faoi réir ag deimhniú maoinithe.






### TIONSCADAL CHAMPAS JOHN HENRY NEWMAN

Nuair a cuireadh tús leis an téarma acadúil i mí Eanáir 2017, baineadh úsáid iomlán as campas John Henry Newman, le claochlú suntasach an fhoirgnimh atá anois ag feidhmiú mar áis gheal, bhríomhar den gcaighdeán is airde. Tá an Scoil Taighde & Iarchéime lonnaithe i gCampas John Henry Newman, cóiríocht do mhic léinn taighde iarchéime, áiseanna oiliúna agus cruinnithe, oifigí d'Ollúna / Scoláirí ar Cuairt agus do Thaighdeoirí Iar-Dhochtúireachta mar aon le háiseanna do chláir iarchéime múinte.





### CMGS DURLAS

Deineadh obair athchóirithe shuntasach ar Champas Phádraig, Durlas, ina measc bhí an t-athghléasadh a deineadh ar an Sciathán Cónaithe chun 36 seomra en-suite a sholáthar do chóiríocht ar an gcampas.

# Cláir




## AN CLÁR CEANNAIREACHTA UM CHUIMSIÚ SNA LUATHBHLIANTA

Cuireadh tús leis an gClár Ceannaireachta um Chuimsiú sna Luathbhlianta (LINC) ar 24 Meán Fómhair 2016, le 900 mac léinn lonnaithe i naoi n-ionad réigiúnacha mórthimpeall na tíre. Is Dámhachtain Sainchuspóra Leibhéal 6 (Ardoideachas) é Clár LINC, a bheidh ag riachtanach anois do bhaill foirne i suíomhanna Luathbhlianta chun ról an Chomhordaitheora Chuimsithigh a chomhlíonadh.

LINC
LEADERSHIP FOR INCLUSION IN THE EARLY YEARS
CEANNAIREACHT DO CHUIMSIÚ SNA LUATHBHLIANTA

## TEASTAS IARCHÉIME I STAIDÉAR AR UATHACHAS



Seoladh an Teastas Iarchéime i Staidéar ar Uathachas ag an gColáiste ar 24 Meán Fómhair 2016 le 28 mac léinn ar an gclár. Is comhoibriú é seo le hIonad Uathachais Middletown in Ard Mhacha, Tuaisceart Éireann. Déantar an cúrsa seo, atá creidiúnaithe ag Ollscoil Luimnigh, a sheachadadh i bhformáid chumaisc the mar chomhpháirtíocht idir CMgS agus MCA. Tá sé mar aidhm ag an gclár, atá forbartha ag foireann MCA agus an Dr Patsy Daly, Ceann Síceolaíocht an Oideachais, an Oideachais Chuimsithigh agus Speisialta, CMgS, cáilíocht acadúil a sholáthar do dhaoine gairmiúla agus do thuismitheoirí atá ag plé le haon fheidhm tacaíochta do leanaí agus/nó do dhaoine fásta le huathachas.

## COMHCHLÁR BA CMGS/OL

Seoladh comh-chlár BA ag Halla an Chontae ar 5 Mí na Nollag 2016. Is comhoibriú mór é an clár seo idir Coláiste Mhuire gan Smál agus Ollscoil Luimnigh a chuirfidh ar chumas mic léinn ón dá champas modúil atá ar fáil ar an gcampas eile a roinnt. Cuireadh tús leis an gcomhchlár nua i Meán Fómhair 2017.



Ó chlé: An tOllamh Eugene Wall, Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla, CMgS; An Comh. Kieran O' Hanlon, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh agus an tOllamh Don Barry, Uachtarán OL.



Ó chlé: An tOllamh Michael Breen, Déan na nDán, CMgS; An Comh Kieran O'Hanlon, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh agus an tOllamh Tom Lodge, OL.

## CLÁR ROCHTANA UM AOS-OIDEACHAS

D'éirigh thar barr le CMgS i bhforbairt chonairí rochtana in Éirinn, foghlaimeoirí aibí nó "dara seans" a mhealladh ó gach bealach den tsaol agus ó chúlraí éagsúla a bhféadfadh go raibh na heispéiris/deiseanna oideachais teoranta acu roimhe seo. Ar 31 Bealtaine 2017, bhain 23 mac léinn céim amach ó thrí chlár rochtana do dhaoine fásta de chuid CMgS: an Clár Bun-Teastas do Fhoghlaimeoirí Lánfhásta, an Clár Rochtana um Oideachas Múinteoirí (TEAP) agus an Clár Réamh-Ollscoile (PUP).



Sa phictiúr anseo thuas tá mic léinn agus foireann ó thrí chlár rochtana do dhaoine fásta de chuid CMgS: an Bonnchlár do Fhoghlaimeoirí Lánfhásta, an Clár Rochtana um Oideachas Múinteoirí (TEAP) agus an Clár Réamh-Ollscoile (PUP) mar aon leis an Ollamh Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais, CMgS; An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán (Gníomhach), CMgS; agus an tOllamh Michael Breen, Déan Dámh na nDán, CMgS

# Tionscadail agus Gníomhaíochtaí

**LÁ TAIGHDE CMGS**

Chuir Lá Taighde CMgS ar 30 Lúnasa 2016 fóram ar fáil do thaighdeoirí chun taithí agus saineolas a roinnt maidir le maoiniú agus maoinitheoirí taighde; chun poiblíocht a thabhairt d'obair thionscadail taighde a mhaoinigh taighdeoirí ar fud an Choláiste le déanaí agus faoi láthair. Deineadh cíoradh agus imscrúdú ar idirnaisc taighde, ar chomóntachtaí agus ar an acmhainn atá ann do thograí maoinithe taighde comhoibríocha. Ag an imeacht thug an Dr Fintan Bracken, ó Sheirbhísí Taighde agus Bibliméadrachta in OL agus an tOllamh Gina Wisker, Ollamh le hArd-Oideachas agus Litríocht Chomhaimseartha agus Ceann an Ionaid Teagaisc agus Foghlama, Ollscoil Brighton, eochairléachtaí faoi bheith ag plé le difríochtaí tuairime sa chaidrimh idir na feitheoirí agus na h-iarchéimithe ag tús an phróisis thaighde.



**PIGTOWN**

Ba é 'Pigtown', Stair faoi Thionscal Bágún Luimnigh an ceathrú ceann de shraith leabhar a phléann le stair shóisialta agus eacnamaíoch Luimnigh, eisithe ag rannóg Chartlann Luimnigh de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Cuireadh tús leis an tsraith i 2012 le 'Ranks Mills', Croí Tionsclaíoch Luimnigh ag an Dr Edward Whelan. Foilsíodh 'Amazing Lace' i 2014 - Stair Thionscal Lása Luimnigh ag an Dr Matthew Potter, agus bliain ina dhiaidh sin foilsíodh 'City and Cemetery – A History of Mount Saint Lawrence, Limerick' ag an Dr Matthew Potter. Bhí Roinn Tíreolaíochta agus Roinn Staire CMgS ina gcomhpháirtithe i gcomhar le Cartlanna Luimnigh sna staidéir a deineadh ar Muillte Ranks agus Cnoc Naomh Labhrás.



I láthair ag seoladh Pigtown bhí: ó chlé: Ruth Guiry, údar, Jacqui Hayes, cartlannaí Luimnigh agus an Dr Maura Cronin, comh-eagarthóir agus Léachtóir Staire, CMgS.

**TIONSCNAMH LITEARTHACHTA SCOILEANNA DEIS LUIMNIGH**

Bhí an tOllamh Teresa O'Doherty, an Dr Martin Gleeson, an Dr Áine Cregan, Patrick Burke agus Seán de Brún páirteach i dTionscnamh Litearthachta Scoileanna DEIS Luimnigh. Seoladh achoimre an Tionscnaimh i gCMgS ar 13ú Eanáir 2017 leis an Ollamh Eugene Wall, Uachtarán Gníomhach an Choláiste. Cuireann an Tuarascáil, dar teideal 'Promoting Communities of Effective Practice', béim ar an tábhacht a bhaineann le comhoibriú chun cabhrú le páistí i scoileanna faoi mhíbhuntáiste (DEIS) a gcuid spriocanna litearthachta a bhaint amach. Rinne seoladh na tuarascála ceiliúradh ar thiomantas gach comhpháirtí oideachais chun torthaí litearthachta a fheabhsú do leanaí i scoileanna náisiúnta DEIS Luimnigh.



I láthair ag seoladh tuarascála ar Thionscnamh Litearthachta Luimnigh DEIS i gColáiste Mhuire gan Smál bhí, ó chlé: Jacqueline O'Connor, Múinteoir Líonra Litearthachta i mBunscoil Mhuire Mháthair, Banríon na Síochána, Luimneach; An tOllamh Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais, CMgS; An Dr Joe O'Connell; Séan de Brún, CMgS; Tracie Tobin, Príomhoide Scoil Naíonáin Naomh Mhíchíl, Luimneach; An Dr Martin Gleeson, CMgS; Ann Breen, Múinteoir Líonra Litearthachta i Scoil Náisiúnta Naomh Mhuire, Luimneach; Antoinette Ní Ghallchobhair, Cigireacht na Roinne Oideachais & Scileanna; An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán Gníomhach CMgS; An Dr Eileen Humphreys, Ollscoil Luimnigh; An Dr Áine Cregan, CMgS; Tiernan O'Neill, Príomhoide Bhunscoil Chorp Chríost, Luimneach; Patricia Sheehan, An Roinn Oideachais agus Scileanna; An Dr Carmel Ó Dochartaigh, Stiúrthóir Ionad Oideachais Luimnigh; agus an tOllamh Kathy Hall, Ollamh le hOideachas, COC.

## EALAÍONTÓIR AMHARCLAINNE 'BRANAR'

Reachtáileadh ceiliúradh i gCMgS ar chlár um Ealaíontóir Cónaitheach Amharclainne Branar ag CMgS (2013-2016) ar 26 Eanáir, 2017. Thug an tOllamh Teresa O'Doherty an t-aitheasc tosaigh agus rinne an Dr Dorothy Morrissey comhordú ar an ócáid. Is compántas amharclainne é Branar, Téatar do Pháistí, a bunaíodh i 2001, atá dírithe ar thaispeántais dhátheangacha d'ardchaighdeán a chur ar fáil do lucht féachana óg. Le linn a thréimhse cónaithe trí bliana i gCMgS, bhí ról lárnach ag Branar i mbeocht a chur sa saol ealaíne agus cultúrtha sa choláiste.



I lathair ag ceiliúradh Branar i gCMgS bhí, ó chlé: Louise Donlon, Stiúrthóir, Amharclann Chrann Teile CMgS; Seona Ní Bhriain, Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas, an Chomhairle Ealaíon; An Dr Dorothy Morrissey, Léachtóir in Oideachas na Drámaíochta ag CMgS; An Dr Kate Sweeney, Stiúrthóir Náisiúnta um Chomhtháthú na nEalaíon san Oideachas, an Roinn Oideachais agus Scileanna; Marc MacLochlainn, Stiúrthóir Ealaíne, Branar agus an tOllamh Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais, CMgS.

## CLEACHTAIS MHEASÚNAITHE SA CHÓRAS ARDOIDEACHAIS IN ÉIRINN

Roghnaigh an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama an BA i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige agus tugadh cuireadh dó páirt a ghlacadh ina phróifíliú ar chleachtais mheasúnaithe san Ardoideachas in Éirinn. Is é a bhí i gceist leis seo ná anailís fhairsing ar na cleachtais mheasúnaithe a bhaineann leis an gclár BA i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige agus cláir náisiúnta eile a roghnaíodh go randamach don tionscadal seo.




## #ALLABOARD2017

Reachtáileadh #AllAboard2017, sraith seachtaine d'imeachtaí poiblí náisiúnta agus réigiúnacha a dearadh chun muinín a chothú i scileanna digiteacha na hÉireann, i gCMgS i mí na Márta. Arna mhaoiniú ag an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama, tá sé mar aidhm ag an tionscadal an réimse leathan scileanna agus eolais a aithint a bheidh riachtanach dóibhsiúd a bheidh ag ple le cúrsaí oideachais, idir mhic léinn, gach duine atá ag obair san earnáil agus an pobal trí chéile, chun go mbeidís muiníneach agus cruthaitheach agus iad foghlaim faoin ndomhan digiteach.



Ó chlé: An Dr Mihai Bilauca, Ceann na Straitéise Digití & Cláir AE, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, an Dr Gwen Moore, Stiúrthóir an Teagaisc & na Foghlama, CMgS agus an tOllamh Eugene Wall, Uachtarán, sa phictiúr in éineacht le mic léinn CMgS

# Tionscadail agus Gníomhaíochtaí

**AONACH EOLAÍOCHTA BUNSCOILE CHUMANN RÍOGA BHAILE ÁTHA CLIATH 2017**

De bharr gur éirigh chomh maith sin le hAonach Eolaíochta Bunscoile RDS Luimnigh na bliana seo caite, a raibh ró-éileamh 80% ar na ticéidí, cuireadh lá breise le hócáid 2017 a reachtáileadh i gCMgS i mí Eanáir. Ghlac beagnach 6,000 mac léinn bunscoile páirt san imeacht trí lá ina raibh ranganna ó 120 bunscoil as Cúige Mumhan agus níos faide anonn ag taispeáint a gcuid tionscadal STEM agus ag plé na dtorthaí a bhí acu leis an bpobal. Tacaíonn an Chomhpháirtíocht Ghael-Mheiriceánach, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir le hAonach Eolaíochta Bunscoile Luimnigh de chuid Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath.



**VEX ROBOTIC AGUS DELL EMC**

Ar 7 agus 8 Aibreán 2017, d'oibrigh múinteoirí bunscoile réamhscoile agus foireann acadúil ó CMgS i gcomhar le múinteoirí inseirbhíse bunscoile agus dara leibhéal agus le hionadaithe ó DELL EMC agus ó Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun róbait a dhearadh, le fadhbréiteach, le fabhtcheartú agus le foghlaim conas tabhairt faoi chódú. Fuair an cheardlann tacaíocht ó DELL EMC, ón gComhpháirtíocht Ghael-Mheiriceánach agus ón Ionad Teagaisc agus Foghlama, CMgS, mar chuid den tionscnamh #All Aboard 2017, tionscnamh a cruthaíodh chun muinín a chothú i scileanna foghlama digiteacha na hÉireann.



**'THE RESISTIBLE RISE OF ARTURO UI'**

Sa chéad bhliain chuaigh mic léinn ón BA i Léann na hAmharclannaíochta Comhaimseartha agus Feidhmí ar stáitse an Belltable le dráma clasaiceach Brecht faoi theacht chun cinn faisistí – 'The Resistible Rise of Arturo Ui' i mí Aibreáin 2017.




**'EMPOWER'**

Mhaoinigh an ÚAO campaí samhraidh Fiontraíochta CMgS 'EMPOWER' i gcomhar le ITL. Reachtáileadh coicís de champaí do dhaltaí na hIdirbhliana, mic léinn na cúigiú agus na séú bliana i Luimneach agus i nDurlas ó 10 go 14 Iúil agus ó 17 go 21 Iúil 2017.




**TIONSCNAMH RÓBATAICE OIDEACHAIS CMGS LEATHNAITHE ISTEACH SA SEOMRA RANGA**

Mar chuid de thionscnamh spreagúil agus uaillmhianach chun róbataicí oideachais a leathnú isteach sa seomra ranga, thairg Coláiste Mhuire gan Smál cúrsaí samhraidh saor in aisce a chur ar fáil do mhúinteoirí bunscoile chun an t-eolas, na scileanna agus an mhuinín a thabhairt do mhúinteoirí chun TFC, litríocht dhigiteach agus róbataic a chomhtháthú ina gcuid cleachtais.



**COMHPHÁIRTÍOCHT IDIR MÚINTEOIRÍ AGUS EALAÍONTÓIRÍ A CHÍORADH MAR EISEAMLÁIR FGL CHUN TACÚ LEIS AN OIDEACHAS EALAÍON IN ÉIRINN**

Curtha le chéile ag an Dr Dorothy Morrissey agus an Dr Ailbhe Kenny, bhí sé mar aidhm ag an tuarascáil taighde seo moltaí bunaithe ar fhianaise a sholáthar a bhfuil sé mar aidhm acu comhpháirtíocht an mhúinteora-ealaíontóra a fhorbairt agus a chothú ar bhealaí nuálacha mar fhreagra ar Chairt na nEalaíon san Oideachas 2013. Léiríonn an tuarascáil go dtugann an t-oideachas ealaíon slite eile do leanaí chun bealaí malartacha cumarsáide a fhiosrú, spreagann sé iad chun smaointe nuálacha a fhorbairt agus go gcuireann sé go mór le forbairt raon d'intleachtaí. Seoladh an tuarascáil go luath i mí na Márta ag an Aire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton a dhein comhghairdeachas leis an Dr Kenny & an Dr Morrissey as béim a leagan ar na scileanna agus an t-eolas gur féidir le múinteoirí agus le healaíontóirí araon a thabhairt go réimse an oideachais ealaíon inár scoileanna.



Ó chlé: An Dr Dorothy Morrissey; An Dr Gary Ó Donnchadha, An Roinn Oideachais agus Scileanna; An Dr Ailbhe Kenny. Richard Bruton TD; Margaret O Keeffe, Uas., Ceann Gníomhach AEPE


# Dámhachtainí agus Éachtaí

**BRONNADH DÁMHACHTAINÍ TIONSCNAIMH SÁRMHAITHEASA 2016**

Reachtáil Déan na nDán agus Déan an Oideachais searmanas na nDámhachtainí Sármhaitheasa i mí na Samhna 2016 nuair a bronnadh Teastais Shármhaitheasa ar 29 céimí CMgS mar aitheantas dá n-éachtaí acadúla. Bhronn deich roinn i nDámh na nDán dámhachtainí ar chéimithe a bhain an chéad áit amach ina n-ábhair faoi seach. Ina theannta sin, bronnadh Teastas Sármhaitheasa um Speisialtacht sna hEalaíona agus Comh-speisialtacht ar chúigear céimí de chuid na Dáimhe Oideachais.







**DÁMHACHTAINÍ RÉIGIÚNACHA UM SÁRMHAITHEAS SA TEAGASC**

Roghnaíodh an Dr Miriam Hamilton, léachtóir in Oideachas na hEolaíochta ag CMgS mar bhuaiteoir foriomlán na nDámhachtainí Réigiúnacha um Sármhaitheas sa Teagasc a reachtáileadh in Ollscoil Luimnigh ar 26 Aibreán 2017.



Sa phictiúr (Ó chlé): An tOllamh Teresa O 'Doherty, Déan an Oideachais, CMgS; An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán Gníomhach CMgS, an Dr Miriam Hamilton, CMgS, buaiteoir na nGradam Réigiúnach um Sármhaitheas sa Teagasc, an Dr Gwen Moore, Stiúrthóir an Teagaisc agus na Foghlama, CMgS

**DOCHTÚIREACHT OINIGH Ó OL BRONNTA AR UACHTARÁN EMERITUS CMGS**

Ar an 26 Aibreán 2017, bhronn Ollscoil Luimnigh dochtúireacht oinigh ar Uachtarán Emeritus CMgS, an tSr. Angela Bugler RSM, mar aitheantas ar an ról ríthábhachtach a bhí aici i bhforbairt an tsoláthair oideachais i Luimneach.



An tSr Angela Bugler, Siúracha na Trócaire, Uachtarán CMgS 1988-1999 Declan O'Brien

## BAINEANN GEARRSCANNÁN Ó MHAC LÉINN CMGS AN CHÉAD ÁIT AG COMÓRTAS BLIANTÚIL 'MY RODE REEL'

Bhuaigh mac léinn na Meán, Jason Reddan, an chéad duais sa chomórtas idirnáisiúnta bliantúil My Rode Reel do ghearrscannáin. Bhuaigh an dráma trí nóiméad Streetlights gradam foriomlán Rogha na mBreithiúna, ó bhreis is 1200 iontráil ó ar fud na cruinne.



Jason Reddan

## SCOLÁIREACHT IARCHÉIME NA COMHAIRLE UM THAIGHDE IN ÉIRINN

Bronnadh Scoláireacht Iarchéime de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) ar Declan O'Brien, mac léinn PhD de chuid na Roinne Staire ag CMgS, de bharr thaighde a rinne sé faoin mbealach inar fhás tionscal próiseála mairteola na hÉireann chun céad áit a bhaint amach roimh onnmhairí beo mar an t-ionad díola is mó d'eallaigh idir 1960 agus 1985. Ina thaighde déanann sé cíoradh ar na himpleachtaí fadtéarmacha an athraithe seo d'fheirmeoirí, d'eagraíochtaí feirme, do bheartas talmhaíochta na hÉireann, agus, ar deireadh, do cháiníocóir na hÉireann. Ba é teideal a thaighde ná 'From the hoof to the hook – an investigation of meat processor influence on Irish farm policy and farm politics from 1960 to 1985'



Declan O'Brien

## BUA NA CAINTE

Bhronn Seán Kelly, FPE, dámhachtain ar CMgS chun ceiliúradh a dhéanamh ar an rath a bhí ar an gclár idirghníomhach Gaeilge Bua na Cainte a scríobh Seán de Brún agus Martina Ní Fhátharta. Bronnadh Lipéad Teanga Eorpach na Bliana agus Dámhachtain Meán Digiteach *Accenture* 2016 ar an gclár. Seoladh dhá bhliain ó shin, is cosúil go bhfuil Bua na Cainte in úsáid anois i bhformhór de scoileanna náisiúnta na tíre. Tá an clár in úsáid freisin i Meiriceá, sa Rúis agus i roinnt tíortha Eorpacha eile.

Tógtha i gColáiste Mhuire gan Smál le déanaí tá Seán Ó Ceallaigh, FPE, ag bronnadh Dámhachtain Séala Eorpach Teanga 2015 ar Mhartina Ní Fhátharta agus ar Sheán de Brún (An Roinn Teanga, Litearthachta, agus Matoideachais, Coláiste Mhuire gan Smál) mar aitheantas dá gclár Bua na Cainte. Is é Bua na Cainte an t-aon chlár Gaeilge dírithe ar pháistí bunscoile atá go hiomlán idirghníomhach, ag baint úsáide as acmhainní digiteacha nuálacha. Tá gníomhaíochtaí agus cluichí digiteacha atá páiste-lárnach sa chur chuige nua seo d'fhoghlaim na teanga, mar aon le réimse cuimsitheach d'amhráin, de dhánta, de scéalta faoi gach téama, le ceachtanna agus beochaintí laethúla idirghníomacha a chuireann beocht i múineadh agus i bhfoghlaim na teanga.



John Coady, Uas., Leas-Uachtarán Airgeadais agus Seán Kelly, Uas., MEP



Seán de Brún, John Coady agus Martina Ní Fháthartha

## SCOLÁIREACHTAÍ

I mí Eanáir d'fhógair CMgS sonraí faoi scéim scoláireachta do mhic léinn nua a raibh luach iomlán € 100,000 orthu in aghaidh na bliana. Ag tosú i Meán Fómhair 2017, tabharfaidh CMgS 50 scoláireacht iontrála ina iomláine do mhic léinn fochéime chéad bhliana atá ag teacht isteach chun tabhairt faoi staidéar sna naoi gclár fochéime atá á dtairiscint ag an gColáiste faoi láthair. Tairisceofar na scoláireachtaí seo, ar luach € 2,000 an ceann iad, ar bhonn na dtorthaí a fhaightear sna Scrúduithe Ardteistiméireachta.



An tOllamh Eugene Wall le Celine O'Meara agus Lee Dillon


# Dámhachtainí agus Éachtaí

**DÁMHACHTAIN NA LAOCH**

Bronnadh Dámhachtain na Laoch um Liathróid Láimhe CLG ar Pat McGarry, ball d'fhoireann Slándála CMgS. Sa ghrianghraf seo tá a ghradam á fháil aige ag an ócáid bhliantúil Sárimreoirí a reachtáileach sa Tulach Mhór.



Ag an ócáid chéanna, bronnadh gradam Imreoir na Bliana ar *alumnus* CMgS, Catriona Casey.



**ORD FIÚNTAIS NÁISIÚNTA BRONNTA AG RIALTAS NA FRAINCE AR AN DR LOÏC GUYON**

Glacadh le Ceann Roinne Léann na Fraincise, an Dr Loïc Guyon, isteach ag leibhéal *Chevalier de l'ordre náisiúnta du Mérite.* Bronnadh an teideal *Chevalier de l'ordre des Palmes acadeémiques* ar an nDr Guyon i 2013.





**DÁMHACHTAINÍ OIDEACHAIS 2017**

Ar 25 Bealtaine 2017, bhuaigh CMgS dhá dhámhachtain ag na Gradaim Oideachais 2017. Ba é CMgS a bhuaigh Gradam Gnóthachtála an Choláiste Idirnáisiúnta agus bhí sé mar chuid den chuibhreannas buacach a bhain an Taithí Foghlama Ar Líne is Fearr dá Cheannaireacht i Clár um Chuimsiú sna Luathbhlianta (LINC) ag searmanas a reachtáileadh in Óstán Dhroichead na Dothra, Baile Átha Cliath.



LINC (Ó chlé): Dr Emer Ring, Ceann na Roinne Oideo-laíochta Machnamhaí agus Staidéar Luath-Óige CMgS (ball de Ghrúpa Stiúrtha LINC); An Dr Lisha O'Sullivan, Léachtóir, CMgS (Forbróir Ábhar LINC); Fintan Breen, Comhordaitheoir Cláir Náisiúnta LINC, CMgS, An Clr. Naoise Ó Cearúil, Painéal Breithiúna na nGradam Oideachais; Marion Brennan, Luath-óige Éireann (Ball de Ghrúpa Stiúrtha LINC); Sharon Skehill, Teagascóir LINC, MIC.Naoise Ó Cearúil, Painéal Breithiúna na nGradam Oideachais; Marion Brennan, Luath-Óige Éireann (Ball de Ghrúpa Stiúrtha LINC); Sharon Skehill, Teagascóir LINC, CMgS.

# Forbairt ar Obair Idirnáisiúnta



**AONACH UM STAIDÉAR THAR LEAR**

Reáchtáladh Aonach um Staidéar Thar Lear CMgS ar an 19 Deireadh Fómhair, 2016. Bhí seans ag mic léinn CMgS foghlaim faoina réimsí deiseanna atá ar fáil dóibh agus bualadh le hionadaithe ó go leor de na hollscoileanna comhpháirtíochta, Ollscoil De Sales, Ollscoil Mercy Gwynedd, Ollscoil West Chester, Ollscoil Misericordia, Coláiste Le Moyne, Ollscoil Gannon – ó SAM araon, agus Coláiste Ollscoile Brescia i gCeanada.

**CUAIRT Ó THOSCAIREACHT ÓN TSÍN**

An 14 Deireadh Fómhair 2016 thug toscaireacht ó Ollscoil Oideachais Guizhou (GZEU) sa tSín cuairt ar CMgS. Sa toscaireacht bhí Leas-Uachtarán, an tOllamh Guo Wen agus shínigh an dá institiúid Meabhrán Tuisceana ginearálta.

**NASCANNA LEIS AN AIRGINTÍN**

Thug a Soilse, Laura Bernal, Ambasadóir na hAirgintíne in Éirinn agus a comhghleacaí, an tUasal Diego Emilio Sadofschi, cuairt ar an gColáiste ar 2 Mí na Samhna, 2016 chun plé a dhéanamh ar na féidearthachtaí um chomhoibriú idir CMgS agus Aireacht an Oideachais san Airgintín.

**NAFSA**

D'fhreastail Holly Cowman, Stiúrthóir na hOifige Idirnáisiúnta agus Ben Finnegan, Oifigeach Idirnáisiúnta, ar NAFSA, an t-aonach earcaíochta mac léinn bliantúil is mó sna Stáit Aontaithe.



A Soilse Laura Bernal, anseo le Holly Cowman, Stiúrthóir na hOifige Idirnáisiúnta agus an tOllamh Michael Breen, Déan na nDán




Ó chlé Ben Finnegan Uas., agus Holly Cowman, Uas., Oifig Idirnáisiúnta CMgS.

# Forbairt ar Obair Idirnáisiúnta

**CUAIRT AR BHOSTÚN**

Ar chuireadh ó Mhéara Luimnigh, an Comhairleoir Kieran O'Hanlon, thug toscaireacht ó Luimneach cuairt ar Bhostún ón 1-5 Meitheamh 2017. In éineacht le Holly Cowman, Stiúrthóir na hOifige Idirnáisiúnta, agus Ben Finnegan, an Oifig Idirnáisiúnta, thaisteal Eugene Wall go Bostún ar an 2 Meitheamh do shraith chruinnithe.



Ó chlé: Holly Cowman, Uas., Mary Sugrue, Uas., Príomhfheidhmeannach, An Chomhpháirtíocht Ghael-Mheiriceánach, Ben Finnegan, Uas., An tOllamh Eugene Wall.



Ó chlé: Christine Power, Stiúrthóir, Practicum Partnerships and Professional Development, Scoil Oideachas Uí Loinsigh, Boston College, an Dr Tom Groome, Ceann Roinn na Diagachta ag Boston College, Holly Cowman, Uas.,.



Sa phictiúr in éineacht leis an dámhachtain tá baill foirne ón Oifig Idirnáisiúnta. Ó chlé: Ronan Hennelly, Ger Cahillane, Holly Cowman agus Ben Finnegan.

**'GENERATION STUDY ABROAD'**

Liostáladh CMgS mar chomhpháirtí 'Generation Study Abroad' i 2016. Is tionscnamh é seo a d'fhorbair an Institiúid um Oideachas Idirnáisiúnta (IIE) i Stáit Aontaithe Mheiriceá ina bhfuil geallúint tugtha ag coláistí sna Stát Aontaithe atá ina mball den institiúid a gcuid staidéar thar lear a dhúbailt faoi 2020. Tugadh faomhadh do CMgS glacadh le Cúnamh Cónaidhme mac léinn SAM agus tá sé liostaithe anois ar an gComhiarratas. Dá bhrí sin, tá seasamh maith ag CMgS chun mic léinn fochéime lánaimseartha a earcú ó SAM.



Ó chlé: Consal Ginearálta Fionnuala Quinlan, Méara Luimnigh, An Comhairleoir Kieran O'Hanlon, Ben Finnegan, Uas., Holly Cowman, Uas., agus an Dr Greg Fried, Ceann Roinn na Fealsúnachta in Ollscoil Suffolk

**DÁMHACHTAIN DO SHÁRSHÁSTACHT NA MAC LÉINN IDIRNÁISIÚNTA**

Bhain CMgS amach Dámhachtain 'StudyPortals' as Sárshástacht na Mac Léinn Idirnáisiúnta 2016.

**MEIRICEÁ LAIDINEACH**

In 2016-17, leathnaigh CMgS amach an bhaint atá ag an gcoláiste le Meiriceá Laidineach. Forbraíodh Meabhráin Thuisceana le roinnt ollscoileanna ar mhaithe le comhoibriú idirinstitiúideach cosúil le soghluaisteacht mac léinn, go háirithe i gcomhair oiliúna i mBéarla, agus malartú dáimhe d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, do theagasc agus do thaighde.

**GRÚPA ARDLEIBHÉIL OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTA NA ROINNE OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA**

Tugadh cuireadh do Stiúrthóir na hOifige Idirnáisiúnta, Holly Cowman, a bheith páirteach i nGrúpa Ardleibhéil Oideachais Idirnáisiúnta na Roinne Oideachais agus Scileanna mar ionadaí CHoICE.

# Comhdhálacha agus Seimineáir



**INSTITIÚID OIDEACHAIS AGUS BEARTAS SHÓISIALTA**
I mí Mheán Fómhair reachtáil an Institiúid um Staidéar Polasaithe Oideachais & Sóisialta (PRISEM) ag CMgS comhdháil lae speisialta ag CMgS dar teideal 'Transitions in Education' inar scrúdaíodh an "suaitheadh cultúir acadúil" a fhulaingíonn mic léinn agus iad ag dul ón dara leibhéal go dtí an tríú leibhéal. Sa phictiúr i gCMgS agus iad ag freastal ar an gcomhdháil bhí: Coleen Blaney Doyle, Comhairleoir Mac Léinn, COBÁC; An Dr Brendan O'Keeffe, CMgS; An Dr Geraldine Brosnan, Stiúrthóir Saol na Mac Léinn, CMgS; An tOllamh Liz Thomas, Ollscoil Edge Hill; An tOllamh Michael A. Hayes, Uachtarán, CMgS; An Dr Aisling Leavy agus an Dr Anne O'Keeffe, CMgS; Mary Doyle, Leas-Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna; Brian Mooney, Comhairleoir Treorach agus Eagarthóir Bainistíochta 'Education Matters'; Catherine Shanahan, Stiúrthóir ATECI; An Dr Mags Nohilly, CMgS agus an tOllamh Gary O 'Brien, Leas-Uachtarán Riarachán, CMgS.



**SIOMPÓISIAM AR SCRÍBHNEOIREACHT NA MBAN IN ÉIRINN (1880-1910)**
Reachtáil CMgS siompóisiam dhá lá dar teideal "Occluded Narratives: Researching Irish Women's writing (1880-1910)" ar an 25 agus 26 Mí na Samhna 2016. Eagraithe ag an Dr Kathryn Laing (Roinn an Bhéarla, CMgS) agus an Dr Sinéad Mooney (Ollscoil De Montfort, Leicester), mar chuid den siompóisiam bhí cainteoirí iomlánacha an tOllamh James H. Murphy (Boston College), an tOllamh Margaret Kelleher (COBÁC), an tOllamh Gerardine Meaney (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath) agus an tOllamh Heidi Hansson (Ollscoil Umeå, an tSualainn), agus cuireadh tús le líonra taighde nua ag an ócáid chomh maith.



**'CHANGEMAKERS'**
Reachtáil BA i Léann na hAmharclannaíochta Comhaimseartha agus Feidhmí (CATS) i gcomhar le 'Theatre NI' agus leis an gCumann Náisiúnta um Dhrámaíocht don Óige (NAYD) 'Changemakers', Siompóisiam Cleachtais Amharclannaíochta na nÓg ar an 23 Mí na Samhna.



Sa phictiúr (ó chlé): Rhona Dunnett, Oifigeach Taighde agus Forbartha NAYD; Michael Finneran, Ceann Roinn na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta ag CMgS; Ella Daly, scríbhneoir, déantóir téatair agus bainisteoir ealaíon; Peter Hussey, Stiúrthóir Ealaíne Crooked House Theatre Company; Molly Goyer Gorman, iarrthóir PhD sa Drámaíocht in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Fiona Quinn, Stiúrthóir ar roinn oideachais agus for-rochtana Friars Gate Theatre agus Stiúrthóir Ealaíne Amharclann Óige Chontae Luimnigh; Michelle Carew, Stiúrthóir NAYD; Emelie Fitzgibbon, Stiúrthóir Ealaíne um Chompántas Amharclainne Graffiti; Niamh Flanagan, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Theatre NI.

**WIRED FM**
Mar chomóradh ar 21 bliain i mbun chraolacháin, reachtáil Wired FM, i gcomhpháirtíocht leis an Belltable agus le hAmharclann Chrann Teile, comhdháil sna meáin i mí na Samhna. Is é a bhí san ócáid lae ná ceardlanna agus díospóireachtaí painéil a phlé le topaicí cosúil leis na hathraithe ar anailisiú i gcúrsaí spóirt go dtí conas gairm sna meáin a phleanáil. I measc na gcainteoirí bhí daoine a raibh aithne mhaith orthu mar Paul Collins, Today FM; Jamesie O'Connor, Sky TV i dteannta le alumni CMgS, ar chuireadar tús lena ngairmeacha sna meáin ar Wired FM agus iad ag staidéar i gCMgS. I láthair ag an ócáid bhí Martina McGrath, CMgS agus alumnus Wired FM, Nessa McGann ó Spin South West agus CMgS agus alumnus Wired FM, an Dr Rosemary Day, Ceannasaí Staidéar Meán agus Cumarsáide, CMgS agus ball bunaidh Wired FM, Ciarán Ryan, CMgS, Ray Burke, Bainisteoir Stáisiúin Wired FM agus Aidan Long, CMgS.



# Comhdhálacha agus Seimineáir

**'NEW HORIZONS: WOMEN IN THE IRISH FILM AND TELEVISION INDUSTRIES'**

Mar thoradh ar an rath a bhí ar an gcomhdháil dar teideal 'Women in the Irish Film Industry: Moving from the Margins to the Centre' a reachtáileadh anuraidh, d'eagraigh an Dr Susan Liddy, léachtóir sna Meáin, CMgS, colóiciam an-rathúil eile dar teideal 'New Horizons: Women in Irish Film and Television Industries'. Ba í Melissa Silverstein, scríbhneoir agus stiúrthóir óna Stát Aontaithe mar aon le bunaitheoir agus eagarthóir Women and Hollywood, an príomhchainteoir ag an ócáid. I measc na gcainteoirí eile ag an ócáid bhí Caroline Norbury MBE, Príomhfheidhmeannach bunaithe Creative England; An tOllamh Anna Wahl ó KTH Stockholm, saineolaí clúiteach ar chultúir eagraíochtúla inscne agus ar conas dul i ngleic le claontacht neamhaireach; Jane Gogan, Ceann na Drámaíochta, RTÉ; Orla O' Connor, Stiúrthóir ar Chomhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn agus Leslie McKimm, Bainisteoir Tionscadail Bord Scannán na hÉireann agus ball bunaithe den eagraíocht 'Women in Film & TV Ireland'.



Ó chlé: Dr Susan Liddy agus Melissa Silverstein

**'MUM'S THE WORD: VOICING THE FEMALE EXPERIENCE IN POPULAR CULTURE'**

I gcomhar leis an 'Sibéal Feminist and Gender Network', d'eagraigh beirt mhac léinn PhD de chuid na Roinne Teanga agus Litríochta an Bhéarla, Adele Hannon agus Jade Dillon, an chomhdháil seo i Márta 2017.



Lucht eagraithe 'Sibéal': Mic léinn PhD Adele Hannon & Jade Dillion ó Roinn Teanga agus Litríocht an Bhéarla

**'FROM SARMATIA TO MARE NOSTRUM: BORDERLAND SPACES IN GERMAN-LANGUAGE LITERATURE AND OTHER MEDIA'**

Ar 27 agus 28 Aibreán, 2017, d'eagraigh Roinn Léann na Gearmáinise, i gcomhar le hIonad Staidéar Trasnáisiúnta na hÉireann, CMgS, comhdháil idirnáisiúnta "From Sarmatia to Mare Nostrum: Borderland Spaces in German-language Literature and other Media", i gcomhar le hOllscoil Nottingham Trent ag Institiúid um Taighde Nuatheangacha (IMLR), Ollscoil Londain.



Rannpháirtithe na Comhdhála ag freastal ar cheann de na painéil ar an dara lá den chomhdháil.

**COMHDHÁIL MHIC AMHLAOIBH 2017**

Rinne Comhdháil Mhic Amhlaoibh, a bhí ar siúl ar 12 agus 13 Bealtaine 2017, iniúchadh ar an tsaincheist a bhaineann le hullmhú sacraimintiúil leanaí bunscoile agus faoin mbealach is fearr chun é seo a dhéanamh. I measc na gcainteoirí a labhair leis an gComhdháil bhí: Stijn van den Bossche, stiúrthóir náisiúnta na gcaiticéise do dheoisí Pléimeastáine de chuid chomhdháil na nEaspag sa Bheilg; Clare Watkins, atá ag múineadh na diagachta faoi láthair ag Ollscoil Roehampton; Maeve Mahon, atá ina comh-údar ar an gclár 'Do This in Memory'; Kate Liffey, stiúrthóir náisiúnta na hÉireann do Chaiticeasmaic, agus Comhordaitheoir na foirne um Fhorbairt Chreidimh Náisiúnta; Padraic Brennan, a scríobh faoin ábhar seo roimhe seo; An Dr Marie Griffin agus Clare Maloney, a raibh baint acu leis na cláir shacraiminteacha sna Scoileanna Náisiúnta Pobail; Elaine Murray, atá ina reachtaire le hEaglais na hÉireann agus a bhfuil baint ghníomhach aici le hullmhú sacraimintiúil ina hEaglais; An Dr Brendan O'Keefe, léachtóir sa Tíreolaíocht, CMgS; agus an Dr Eugene Duffy, léachtóir i nDiagacht & Léann Reiligiúnach, CMgS, agus duile le lucht eagraithe na comhdhála.



I láthair ag Comhdháil Mhic Amhlaibh bhí: chun tosaigh (ó chlé) Elaine Murray, Eugene Duffy, Clare Watkins, Marie Griffin, Maeve Mahon, ar chúl (ó chlé) Padraic Brennan, Jonathan Burroughs, Eileen Limehan, Deirdre Frankin, Brendan O'Keefe, Stijn Van den Bossche, Eamonn Conway agus Clare Maloney

## COMHDHÁIL BHLIANTÚIL UM PHOLASAÍ OIDEACHAIS MÚINTEOIRÍ SAN EORAIP (TEPE)

Bhí CMgS mar óstaigh ar an gcomhdháil idirnáisiúnta bhliantúil Pholasaí Oideachais Múinteoirí san Eoraip ó 18-20 Bealtaine 2017. Is líonra acadúil é TEPE i réimse an bheartais oideachais múinteoirí agus d'fhreastail os cionn 100 toscaire ar an gcomhdháil ardcháilíochta seo, agus cuireadh taighde i láthair as Ceanada, an Danmhairg, an Fhionlainn, Albain, an Bhreatain, an Iodáil, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an tSlóvaic, an Afraic Theas, an Spáinn, an tSualainn, an Tuirc, SAM, agus as Éirinn. Ba é téama na comhdhála TEPE 2017: 'Education for All: Issues for Teacher Education', agus deineadh cíoradh ar an mbealach ina bhfuil ról lárnach ag oideachas múinteoirí i gcumasú chórais oideachais chun freastal ar riachtanais raon fhoghlaimeoirí éagsúla.



(Ó chlé) An tOllamh Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais ag CMgS leis an Ollamh Judith Warren Little, Carol Liu Ollamh emerita um Bhearta Oideachais, ag Ollscoil California, Berkeley.

## 'IRISH WOMEN PLAYWRIGHTS AND THEATREMAKERS'

Bhí 'Irish Women Playwrights and Theatremakers' á reachtáil ag an Roinn Drámaíochta agus Léann na hAmharclannaíochta, CMgS, ar siúl i gCMgS ó 8-10 Meitheamh 2017. I measc na dtopaicí a chlúdaíodh bhí stiúrthóirí tábhachtacha, sceagrafaithe, aisteoirí agus réadtiomnóirí comhaimseartha.



## COMHDHÁIL AR LITRÍOCHT NA GAEILGE SAN OCHTÚ HAOIS DÉAG IN ONÓIR DON DR ÚNA NIC ÉINRÍ

Is in onóir don Dr Úna Nic Éinrí a d'eagraigh Roinn na Gaeilge an chomhdháil seo d'fhonn aitheantas a thabhairt don scoláire neamheaglach, dothuirsithe seo agus don taighde ríthábhachtach ar fad atá déanta aici i Léann na Gaeilge i gcaitheamh na mblianta, go háirithe i ngort na hochtú haoise déag. Cuimhneoidh cuid mhaith daoine, gan amhras, ar Stair Litríocht na Gaeilge agus ar Stair na Teanga Gaeilge ó laethanta na scoile, ach is dócha go seasann a cáil mar scoláire ar an obair éachtach eagarthóireachta atá déanta aici ar litríocht na hochtú haoise déag sna leabhair iontacha aici ar fhilíocht Thaidhg Ghaelaigh Uí Shúilleabháin (An Cantaire Siúlach, 2001), Liam Inglis (Canfar an Dán, 2003), Sheáin Uí Thuama (Seán Ó Tuama ó Chromadh an tSubhachais, 2012), agus gan amhras an t-éacht is déanaí aici, Filí Luimnigh gan Iomrá san Ochtú hAois Déag (2016). Is mar chomhartha ómóis d'Úna, mar sin, a bheartaigh a hiarchomhghleacaithe ar an gcomhdháil seo a eagrú ina honóir agus is cinnte gur cheiliúradh cuí ar a cuid gaiscí i Léann na Gaeilge san ochtú haois déag a bhí ann. Breandán Ó Cróinín, Liam Ó Páircín agus Stiofán Newman Coiste Eagraithe na Comhdhala



Ó chlé: An tOllamh Michael Breen, An tOllamh Eugene Wall Uachtarán Feidhmeach CMgS, An Dr. Breandán Ó Cróinín, An Dr. Liam Ó Páircín. An Dr Úna Nic Éinrí agus Máire Ní Neachtain

# Rannpháirtíocht agus Cultúr an Phobail




**AN OÍCHE CHULTÚIR I gCMGS**

Ar 16 Meán Fómhair, 2016, d'oscail CMgS a dhoirse chun oíche siamsaíochta saor in aisce a sholáthar mar chuid den Oíche Chultúir. I mbliana bhí áthas ar CMgS roinnt imeachtaí saor in aisce a reachtáil, ina measc bhí ceardlanna drámaíochta do leanaí idir 8 agus 12 bliana d'aois; Ceolchoirm le ceoltóirí aonair; ceolchoirm le ceol traidisiúnta; seó faisin agus bia idirnáisiúnta; taispeántais ealaíne éagsúla, ina measc bhí ceann a thaispeán cuid des na séipéil i gceantar Luimnigh, léiriú speisialta ó Cheolfhoireann Solais Brad Pitt, le alumni CMgS Ann agus James Blake, a sheinn ceol Leonard Cohen, Van Morrison agus David Bowie as Gaeilge. Bhí ceol an Chumadóra Chónaitheach Anne-Marie O'Farrell mar chuid den Oíche Chultúir i gCMg leis an soprano Colette Delahunt agus an pianódóir Carmel Comiskey. Tá cáil ar Colette go háirithe dá róil cheoldrámaíochta le Glyndebourne, le Covent Garden agus le Opera Ireland. Ag seinnt i Séipéal CMgS bhí ceadal ceoil le píosa de chuid Anne Marie dár teideal 'Trilogy: Songs for Ireland', a cumadh don bhliain comóradh céad bliain do shoprano agus do chláirseach, mar aon le suíomhanna James Joyce agus W.B. Yeats, agus saothar nua le haghaidh pianó aonair dar teideal 'A Walk in the Park'.









**‘VOICES FROM THE PAST’**

I mí na Samhna bhí an taispeántas ‘Voices from the Past’, portráidí figiúirí liteartha na hÉireann ó dheireadh na naoú haoise déag agus agus tús na fichiú haoise ar iasacht sa Choláiste ó Theach Farmleigh. Tá portráidí ann de phríomh-fhigiúirí liteartha na hÉireann ina measc tá James Joyce, W.B. Bhí Yeats, J.M. Synge, an Chuntaois Markievicz, Oscar Wilde, Peig Sayers, Samuel Beckett, Dubhghlas de hÍde agus Lady Gregory, bhí an taispeántas mar chuid den chlár ‘1916 agus Deich mBliana na gCuimhneachán’ CMgS.



Ó chlé: ealaíontóir Judith Henihan leis an Ollamh Gary O'Brien, Comh Leas-Uachtarán Riaracháin.

**‘SCIENCE OF BUBBLES’**


Rinne an Dr Maeve Liston, i gcomhordú le líonra TED, idirchaidreamh le Scoil Náisiúnta Naomh Áine, Ráth Caola chun seónna ‘Science of Bubbles’ a reachtáil. Rinne An Roinn Oideachais agus Scileanna maoirseacht ar chomhordú agus ar reachtáil an imeachta seo. Mhéadaigh sé seo for-rochtain phobail CMgS ar scoileanna contae, le beagnach 500 páiste ag freastal ar na seónna.




Ó chlé: Margaret Murphy (Cúntóir Roinne LSRE); Maeve Liston; Christine Campbell (Láithreoir seó Fantastic Physics); Anne O'Dwyer agus Miriam Hamilton.

**CODER DOJO**

Reachtáileadh Seisiúin Coder Dojo gach seachtain i gCMgS le linn Seimeastar an Earraigh 2017. Le 55 Meantóir, d'éirigh go hiontach leis na seisiúin seachtainiúla saor in aisce agus 35 páiste agus a dtuismitheoirí go léir ag foghlaim chun tabhairt faoi chódú.



**‘GIFT BOX’**

Is píosa ealaíne poiblí ar leith é an ‘GIFT Box’, a bhí ar taispeáint i gCMgS i mí na Márta, ar chamchuairt ar fud na hÉireann ar mhaithe le feasacht a mhúscailt faoi gháinneáil ar dhaoine agus faoi sclábhaíocht an lae inniu. Is gléasra siúil-isteach é inar féidir le baill an phobail níos mó a fhoghlaim faoin dallamullóg a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine agus faoi fhulaingt na n-íospartach. Tá an taobh amuigh cosúil le bronntanas, clúdaithe le geall-tanais. Laistigh de, foghlaimíonn cuairteoirí faoina réaltachtaí a bhaineann leis na gealltanais bhréagacha a úsáideann coirpigh chun daoine a mhealladh isteach ina líon. Tugtar cuireadh do dhaoine atá ag gabháilt thar bhráid cúpla nóiméad a chaitheamh taobh istigh den bhosca, ag léamh na bhfíorscéalta faoin ngáinneáil ar dhaoine.




Sa phictiúr faoi iamh bhí Brighid Golden, Oibrí Tionscadail um Oideachas Forbartha agus Saoránacht Dhomhanda, CMgS, le Julian Bloomer, Léachtóir Tíreolaíochta, CMgS.

# Rannpháirtíocht agus Cultúr an Phobail

**'THE ILLUSION OF CONSENSUS' – TAISPEÁNTAS DE GHRIANGHRAIF A TÓGADH I LUIMNEACH I 1916**

Coimeádtha ag Úna Ní Bhroiméil agus maoinithe ag Roinn na Staire i gCMgS, dhírigh an taispeántas ar radharc laethúil chathair Luimnigh sa bhliain shuaite 1916. Le grianghraif ó chartlann CMgS, ó chartlann Ord an tSlánaitheora, ó chartlann Dheoise Luimnigh tugann na samplaí léargas ar an saol laethúil i Luimneach mar a bhí, mar shampla gníomhaíochtaí ar abhainn na Sionainne, agus mórshiúlta comhbhráithreachas ar an bpríomhshráid ag an am, Sráid Sheoirse. Dhírigh príomhshamplaí an taispeántais ar Choláiste Mhuire gan Smál, an t-aon choláiste tríú leibhéal i gCathair Luimnigh in 1916. Bunaithe ag an Easpag Edward O'Dwyer i 1898 agus faoi stiúr Siúracha na Trócaire, léiríonn na grianghraif conas mar a bhí an saol i 1916 sa Choláiste do Scoláirí Ban an Rí.



Ó chlé: Kitty Kennedy Uasal a raibh a máthair ina mac léinn ag CMgS i 1916 agus Máire O'Brien Uasal a raibh a seanmháthair ina mac léinn ag CMgS i 1916 sa phictiúr ag an taispeántas leis an Ollamh Gary O 'Brien

**CÓR NA BPÁISTÍ, CMGS**

Thug níos mó ná 170 páiste cuairt ar CMgS i mí na Samhna chun páirt a ghlacadh ag seoladh tuarascála meastóireachta dar teideal All Together Now: A Review of the Mary Immaculate College Children's Choir. Chuir an Dr Ailbhe Kenny, léachtóir in Oideachas an Cheoil, tús leis an gcór in 2013 mar chomhpháirtíocht ollscoile chun nascanna shuntasacha a dhéanamh le scoileanna náisiúnta. Is comhpháirtíocht é idir an Tionscadal um Chlaochlú an Oideachais trí Chomhphlé (TED), an Aonaid Fhorbartha Curaclaim (CDU), agus an Roinn Oideachais Ealaíon agus Corpoideachas, CMgS agus na cúig scoil atá páirteach ann. Phlé an tuarascáil mheastóireachta, a scríobh an Dr Ailbhe Kenny, Ruth Bourke agus Máiréad Ní Chondúin i gcomhar lena chéile, an tionscadal ó 2013 go 2015 agus fuair siad amach go raibh go leor buntáistí ag baint leis an gcór do leanaí, do mhic léinn agus do na scoileanna rannpháirteacha.



Sa phictiúr tá baill de Chór na bPáistí agus iad ag plé cúrsaí ceoil le Sheila Deegan, Oifigeach Ealaíon Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.




Ó chlé: An Dr Ann Higgins, Comhordaitheoir TED; Ruth Bourke, An Dr Ailbhe Kenny, agus Máiréad Ní Chondúin, stiúrthóir an chóir.

# Spórt

**Iománaíocht Shinsearach** – Buaiteoirí Chorn Mhic Giobúin

**Camógaíocht** – San iomaíocht i gCorn Chill Dheagláin

**Peil na mBan** – Iomaitheoirí sa bhabhta leathcheannais de Chorn Giles

**Peil na bhFear** – Iomaitheoirí sa bhabhta ceathrú ceannais de Chorn Trench

**Sparánachtaí CLG na Mumhan**

Caroline Hickey – Luimneach

Daniel O'Donoghue – Ciarraí

Christine Cooper – Ciarraí

Aaron Gillane – Luimneach

Rebecca Delee – Luimneach

Cillian Brennan – An Clár

Caoimhe Costelloe - Luimneach

Thomas Grimes - Luimneach

Micheál Burns – Ciarraí

**Réaltaí 2017 CLG na gColáistí Ardoideachais atá ag teacht chun cinn**

David Sweeney – Tiobraid Árann Luimneach

Conor Twomey – Corcaigh

Ronan Maher – Tiobraid Árann

Stephen Cahill – Tiobraid Árann

Darragh O'Donovan – Luimneach

Michael O'Neill - An Clár

Cian Lynch - Luimneach

Aaron Gillane – Luimneach



Bainisteoir ar Fhoireann Sinsir Iománaíochta CMgS – Jamie Wall



Aicsean ó chluiche ceannais Chorn Mhic Giobúin Dé Sathairn 25 Feabhra



Ardaíonn an Captaen Eoin Quirke an corn os a cheann

# Spórt



Bhí páirt mhór ag mic léinn MIC (reatha agus alumni) i gCluiche Ceannais Iomána na hÉireann i mí Mheán Fómhair. Ó chlé: Stephen Cahill as Durlas (mac léinn BA reatha agus ball de chlub CLG na Sairséalaigh); Seamus Kennedy ó Chluain Meala (céimí BA agus ball de chlub CLG Naomh Mhuire); Niall O' Meara ón Aonach (céimí B Oid agus ball de chlub CLG Chill Ruáin) agus Ronan Maher ó Dhurlas (mac BA agus ball de Chlub CLG na Sairséalaigh). Bronnadh gradam ar gach duine den cheathrar as Sár-Éachtaí a bhaint amach ag searmanais bhronnta na bliana seo mar aitheantas dá n-éachtaí spóirt mar chuid d'fhoireann iománaíochta Thiobraid Árann Éireann 2016 agus mar chuid d'Fhoireann bhuacach Chorn Mhic Giobúin 2016.



Foireann Peile Idirnáisiúnta CMgS




Reachtáil an Méara Kieran O'Hanlon Fáiltiú Méara do Bhuaiteoirí Chorn Mhic Giobúin CMgS 2016 ag Halla an Chontae, Tuar an Daill ar an Déardaoin 10 Samhain 2016 áit ar bhronn an Méara Kieran O'Hanlon scrolla frámaithe ar an gColáiste chun an ócáid stairiúil seo a chomóradh.

**SPARÁNACHTAÍ CLG**

Tugadh aitheantas do roinnt de na réaltaí spóirt is fearr atá againn ag bronnadh Sparánacht CLG Choláiste Mhuire gan Smál 2016/2017 ar an Luan 30 Eanáir 2017. Bhronn Liam Lenihan, Leas-Chathaoirleach Chomhairle na Mumhan, naoi sparánacht CLG na Mumhan de luach €750 an cheann.



# Searmanais Bhronnta



**COLÁISTE PHÁDRAIG, DURLAS**

Ba lá ar leith é an Aoine 21 Deireadh Fómhair 2016 i stair Choláiste Phádraig i nDurlas nuair a tháinig deireadh le ré amháin agus deineadh tús ré nua a cheiliúiradh nuair a bronnadh céimeanna ar 62 múinteoir dara leibhéal nua a bhain céim amach ó Champas Phádraig CMgS Durlas, ar cuireadh ainm nua air tamall gairid roimhe sin.

Tugadh ómós speisialta d'Uachtarán *Emeritus* Choláiste Phádraig, an tAthair Tom Fogarty, a bhí ina Uachtarán ar an gColáiste ó Bhealtaine 2004, agus a bhí ina léachtóir sa Diagacht Thréadach, agus ina Leas-Uachtarán ar Choláiste Phádraig ó 1993 go 1995.



An tAthair Tom Fogarty, Uachtarán Emeritus Choláiste Phádraig, ag bronnadh Gradam Feabhais Acadúil agus an Gradam um Fheabhas Teagaisc ar Alison Kerrane.



**CMGS LUIMNEACH**

Ar 27 agus 28 Deireadh Fómhair 2016, bronnadh dámhachtainí acadúla ar 1,000 mac léinn ó 22 contae, 7 dtír agus 4 mhór-roinn sa 30 chlár a reachtáileann an Coláiste, ina measc-siúd bronnadh dámhachtainí dochtúireachta ar 17 gcéimí.

Ba é searmanas bronnta na bliana 2016 comóradh 25 bliain na comh-pháirtíochta acadúla idir CMgS agus Ollscoil Luimnigh. Tugadh ómós speisialta don Ollamh Don Barry, atá le dul ar scor an bhliain seo chugainn nuair a thiocfaidh deireadh lena théarma deich mbliana mar Uachtarán na hOllscoile.




Bronnadh Comhaltacht Pheadair Uí Chroimín ar Clara Ryan (BOid) ón Sciobairín, Co. Chorcaí. Bronntar an Chomhaltacht ar an gCéimí a bhain an chéad áit amach i dTaighde Oideachais agus an Tráchtas ar an gClár Baitsiléir Oideachais. Bhronn an Coláiste an chomhaltacht seo mar chuimhne ar an Ollamh Peadar Ó Croimín nach maireann, Uachtarán Choláiste Mhuire Gan Smál, 1999 - 2011

# Searmanais Bhronnta














# LÍON NA MBRONNTA CÉIMEANNA DO 2016

| CÚRSA | AN LÍON A BHAIN CÉIM AMACH |
|---|---|
| Baitsiléir sna Dána | 175 |
| Baitsiléir Oideachais | 388 |
| Baitsiléir Oideachais san Oideachas & sa tSíceolaíocht | 34 |
| Baitsiléir sna Dána i Léann an Oideachais (Leibhéal 7) | 3 |
| Baitsiléir sna Dána i Léann an Oideachais (Leibhéal 8) | 2 |
| Baitsiléir sna Dána (Cleachtas Luath-Óige) | 24 |
| Baitsiléir sna Dána i gCúram agus in Oideachas Luath-Óige | 72 |
| Dioplóma Iarchéime i gCeannaireacht Chríostaí san Oideachas | 1 |
| Dioplóma Iarchéime san Oideachas Speisialta | 51 |
| Dioplóma Iarchéime i gCeannaireacht agus i mBainistíocht an Oideachais | 1 |
| Dioplóma Iarchéime sa Léann Gairmiúil san Oideachas | 5 |
| Dioplóma Iarchéime (Teicneolaíocht Faisnéise sa Bhunoideachas) | 5 |
| Dioplóma Iarchéime san Aos Oideachas agus sa Bhreisoideachas | 19 |
| Teastas i gCúram agus in Oideachas Uileghabhálach | 16 |
| Máistir sna Dána sa Teangeolaíocht Fheidhmeach | 4 |
| Máistir sna Dána i gCeannaireacht Chríostaí san Oideachas | 9 |
| Máistir sna Dána (Stair) | 5 |
| Máistir sna Dána i dTeanga agus i Litríocht an Nua-Bhéarla | 13 |
| Máistir sna Dána i Staidéar na Meán | 7 |
| Máistir sna Dána (Taighde & Tráchtas) | 2 |
| Máistir Gairmiúil san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) | 90 |
| Máistir san Oideachas san Oideachas Speisialta | 8 |
| Máistir san Oideachas | 20 |
| Máistir san Oideachas (Aos Oideachas agus Breisoideachas) | 1 |
| Máistir san Oideachas (Teicneolaíocht Faisnéise sa Bhunoideachas) | 1 |
| Máistir san Oideachas i gCeannaireacht agus i mBainistíocht an Oideachais | 9 |
| Máistir san Oideachas (Léann Gairmiúil san Oideachas) | 4 |
| Máistir sna Dána i Síceolaíocht an Oideachais | 14 |
| Máistir sna Dána san Oideachas agus sna Dána | 5 |
| Máistir sna Dána in Oideachas agus i bhFolláine an Duine Bhreacaosta | 6 |
| Máistreacht san Oideachas San Oideachas Lán-Ghaeilge | 1 |
| Máistir sna Dána in Oideachas an Cheoil | 5 |
| Máistir sna Dána san Oideachas (Taighde & Tráchtas) | 3 |
| Dochtúir Fealsúnachta (Oideachas) | 5 |
| Dochtúir Fealsúnachta (Na Dána) | 12 |
| LÍON IOMLÁN NA GCÉIMITHE | 1018 |

# ÚSÁID FUINNIMH

**Léargas ar an Úsáid Fuinnimh in 2016 & 2017**

I rith 2017, d'ídigh CMgS 8,091 MWh d'fhuinneamh ina raibh:

2,217.9 MWh de leictreachas,
5,473.1 MWh* de ghás,
395.9 MWh ola teasa,
4.5 MWh de bhreoslaí iompair (díosal)

Le linn 2017, bhí méadú suntasach ar úsáid fuinnimh toisc gur cuireadh Campas Phádraig Durlas agus Foirgneamh John Henry Newman le punann eastáit CMgS. Mar sin féin, lean an fheidhmíocht fuinnimh, a thomhaistear in úsáid fuinnimh do gach mac léinn cláraithe, ag feabhsú i.e. tá kWhs (de leictreachas agus fuinneamh teirmeach in éineacht) in aghaidh an mhic léinn chláraithe tar éis titim, bliain i ndiaidh bliana, le ceithre bliana anuas.



# NA CUNTAIS

| Sliocht as an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach | 11 mí dár gcríoch 31-Lún-17 €'000 | An Bhliain dar Críoch 30-MF-16 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam | | |
| Táillí Acadúla | 17,682 | 18,415 |
| Deontais Stáit Athfhillteacha | 11,192 | 9,986 |
| Ioncaim eile Maoiniú Pinsean Iarchurtha ina measc | 9,998 | 11,559 |
| **Ioncam Iomlán** | **38,872** | **39,960** |
| **Amúchadh deontais chaipitil stáit** | **1,354** | **1,508** |
| Caiteachas | | |
| Costais Foirne | (19,811) | (19,369) |
| Caiteachas Eile, Costais Pinsean ina measc | (20,245) | (19,034) |
| **Caiteachas Iomlán** | **(40,056)** | **(38,403)** |
| Ioncam Cuimsitheach Neamhshrianta | 170 | 3,065 |
| Méadú ar Theaglaim Choláiste Phádraig – Teoranta | - | 9,190 |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán** | **170** | **12,255** |

## NÓTA DO THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

### Tiomantais Chaipitil agus Feabhas ar Champas an Choláiste

Tá athchóiriú suntasach déanta ag an gColáiste ar Champas John Henry Newman (Glaodh "An Cnoc" ar roimhe seo). Feidhmíonn an foirgneamh seo mar Scoil Taighde agus Iarchéime.

Tá Cead Pleanála faighte ag an gColáiste chun Leabharlann/Ionad Acmhainní Foghlama nua a thógáil agus tá an tion-scadal seo ag fanacht le deimhniú maoinithe.

Tá oibreacha suntasacha uasghrádaithe foirgneamh déanta ag an gColáiste freisin ar fhoirgneamh Champas Phádraig, Durlas.




**LE CÓMHBHRÓN**

D'imigh Seán A. Ó Broiméil, iar-Chláraitheoir an Choláiste, iar-Mhéara Luimnigh agus iar-bhall de Sheanad Éireann ar shlí na fírinne ar 4 Eanáir 2017.

Luimníoch ab ea Tony a bhí ina chláraitheoir i gColáiste Mhuire gan Smál ó 1967 go dtí go ndeachaigh sé ar scor sa bhliain 1998. Bhí sé ina Mhéara ar Luimneach ó 1982 go 1983. Mar Chathaoirleach ar Choiste Ghairm Oideachais Luimnigh bhí dlúth-bhaint aige le bunú an Choláiste Ealaíne, Tráchtála agus Teicneolaíochta nó Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh mar atá anois. Bhí sé ar dhuine de bhunaitheoirí an bhrú-ghrúpa a cruthaíodh sa bhliain 1958 le hollscoil a lonnú i Luimneach agus a raibh de thoradh air gur bunaíodh an Foras Náisiúnta um Ard-Oideachais (NIHE) sa bhliain 1970. Mar sheanadóir, bhí ar a chumas fáiltiú roimh an mbille a thug ardú stádais go leibheál ollscoile d'Ollscoil Luimnigh sa bhliain 1989.

Bhí Tony sa ghrúpa oibre a d'ullmhaigh an chéad Meabhrán Tuisceana idir Coláiste Mhuire gan Smál agus Ollscoil Luimnigh agus a cuireadh sa tsiúl i mí na Samhna 1991. Chuir seo tús le pleananna le céim nua mhílaoiseach sna dána a dhearadh, An BA sna Dána a seoladh i gColáiste Mhuire gan Smál i Meán Fómhair 1992, gníomh a d'fhág gurb é Coláiste Mhuire gan Smál an chéad Choláiste Oideachais a d'oscail a chuid doirse do mhic léinn sna Dána.

Ar dheis Dé go raibh a anam dílis.



BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

MIC

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL